Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hAistrithe gnó mar thionscnóirí fáis agus téarnaimh inbhuanaithe in earnáil na FBManna

(tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 486/02)

Rapóirtéir: **Mira-Maria KONTKANEN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 32(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	8.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.9.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	572
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	143/0/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is próiseas straitéiseach tábhachtach iad na haistrithe gnó lena n-áirithítear leanúnachas gnólachtaí agus lena gcosnaítear an fhostaíocht. Dá bhrí sin, molann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) go mbeadh ról láidir ag na haistrithe gnó i mbeartais an Aontais agus na mBallstát maidir le téarnamh agus fás.

1.2. Tugann aistrithe gnó cosaint do chreatlach shóisialta na gceantar tuaithe i ngeall ar a láithrí a bhíonn micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna) iontu. Tá sé ríthábhachtach éiceachórais aistrithe gnó dea-fheidhmiúla agus seirbhísí tacaíochta a fhorbairt chun slí bheatha agus geilleagair limistéar tuaithe agus limistéar monathionsclaíoch a chaomhnú. Creideann CESE gur cheart aitheantas a thabhairt dó sin i gcur chun feidhme fhís fhadtéarmach an Aontais do cheantair thuaithe agus sa Phlean Gníomhaíochta Tuaithe.

1.3. Ach aistrithe gnó a dhéanamh i gceart, cosnófar na poist atá ann cheana agus cruthófar fostaíocht nua agus ionchais d'fhostaithe amach anseo ó thaobh leanúnachas poist agus forbairt ghairmiúil de. Tá CESE á mholadh do na Ballstáit dea-chleachtais a roinnt le chéile maidir le conas gnólacht a aistriú chuig na fostaithe, mar shampla trí chomharchumainn ([1]) agus fiontair eile an gheilleagair shóisialta atá faoi úinéireacht oibrithe.

1.4. Dá luaithe a ullmhaíonn na fiontraithe don aistriú, is ea is rathúla a bhíonn sé. Ní mór do na Ballstáit a ngníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir le haistrithe gnó a mhéadú agus na hacmhainní is gá a chur ar fáil d'eagraíochtaí gnó agus tacaíochta eile chun aistrithe MFBManna a chur chun cinn agus chun cabhrú leo leis na haistrithe sin. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit freisin sásraí luathrabhaidh ([2]) do MFBManna a thabhairt isteach agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu chun tacú le hathléimneacht, le hinmharthanacht agus, i ndeireadh thiar thall, le hinaistritheacht an ghnólachta.

1.5. Ba cheart fáil gnólachta a chur chun cinn go gníomhach mar dheis d'fhiontraithe céaduaire atá chomh tarraingteach céanna dóibh is a bheadh sé gnólacht nuathionscanta a chur ar bun. Ba cheart fios gnó maidir le gnólacht a cheannach agus leis an gcomharbas a bheith mar chuid den oideachas fiontraíochta, sa chóras meánoideachais agus ardoideachais. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go bhforbrófaí dreasachtaí chun gnólachtaí beaga a aistriú chuig fiontraithe óga. D'fhéadfaí a áireamh ar na dreasachtaí sin múscailt feasachta, seirbhísí comhairleacha, meantóireacht agus rochtain ar mhaoiniú. Ina

([1]) Mar shampla, tá creat sa Fhrainc chun aistriú cuideachta chuig na fostaithe a eagrú agus a éascú agus chun gníomhaíocht eacnamaíoch na gcríoch a neartú trí aistriú na MFBManna a éascú.

([2]) Is éard atá sa sásra luathrabhaidh seirbhís comhairle agus tacaíochta do chuideachtaí atá in anás airgeadais, a bhfuil sé mar aidhm léi idirghabháil luath a dhéanamh chun féimheacht gnólachtaí inmharthana a chosc.

theannta sin, d'fhéadfaí an tuiscint atá ag fiontraithe óga ar an idirphlé sóisialta a neartú a thuilleadh chun aistrithe rathúla gnó a chinntiú do na geallsealbhóirí uile. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart tuilleadh dreasachtaí a cheapadh le haghaidh aistrithe gnó d'fhiontraithe ban d'fhonn cur le líon ró-íseal na bhfiontraithe ban a bhíonn ag gabháil dóibh faoi láthair.

1.6. Níl dóthain maoiniúcháin ar fáil le haghaidh aistrithe rathúla gnó, rud atá ina bhac orthu agus a fhágann maoiniú seachtrach de dhíth ar fhormhór na n-aistrithe gnó. Tá CESE á mholadh go láidir do gach Ballstát a áirithiú go bhfuil institiúidí airgeadais ar fáil chun tacú le haistrithe gnó MFBManna, mar shampla trí chuidiú le comhthaobhacht iasachtaí bainc.

1.7. Tá CESE á mholadh go mbunódh na Ballstáit fóraim geallsealbhóirí náisiúnta um aistrithe gnó d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh thar ceann geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha. Cuireann fóraim aistrithe gnó cur chuige córasach agus fadtéarmach ar fáil maidir le haistrithe gnó a chur chun cinn. Cuireann siad spás ar fáil freisin le haghaidh idirphlé leanúnach idir saineolaithe náisiúnta agus is slí níos éifeachtúla iad chun leas a bhaint as acmhainní.

1.8. Creideann CESE gur cheart ardáin aistrithe gnó ar líne a fhorbairt i mBallstáit uile an Aontais, agus gur cheart rochtain a bheith ag micreaghnólachtaí agus ag gnólachtaí beaga orthu freisin. Ba cheart idirnaisc agus sineirgí a fhorbairt idir ardáin éagsúla ar líne sna Ballstáit agus d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach idirnasc le margaí éagsúla ar líne san Aontas a éascú.

1.9. Is minic a bhíonn sonraí maidir le haistrithe gnó ilroinnte, easnamhach, as dáta agus neamh-inchomparáide ó Bhallstát go chéile. Dá bhrí sin, tá CESE á mholadh go leanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit d'fheabhas a chur ar an mbunachar sonraí aistrithe gnó.

1.10. Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar staid na n-aistrithe gnó san Eoraip, mar shampla i bhfoirm baraiméadar aistrithe gnó ar fud an Aontais a chuirfeadh ionchur ar fáil freisin do cheapadh beartais fianaise-bhunaithe. Ba cheart úsáid a bhaint as Tionól bliantúil FBManna an Aontais mar fhóram chun taithí a chomhroinnt agus a phlé go rialta maidir le haistrithe gnó MFBManna. Ar deireadh, ba cheart tionscnaimh éagsúla múscailte feasachta a chur sa mheá, amhail seachtain aistrithe gnó a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus/nó Eorpach.

2. **Réamhrá**

2.1. Dá méadófaí líon na n-aistrithe rathúla gnó, bheadh buntáistí láithreacha ann don fhostaíocht, don leanúnachas gnó agus don gheilleagar Eorpach ina iomláine. I gcomhréir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ([3]), rannchuidíonn aistrithe gnó le sochaithe níos athléimní agus níos comhtháite a fhorbairt.

2.2. Murab ionann is riamh, is cuid nádúrtha agus cuid thábhachtach d'fhorbairt straitéiseach, d'athnuachan agus d'fhás na MFBManna iad na haistrithe gnó. De réir mar a théann daonra na hEorpa in aois agus de réir mar a mhéadaíonn líon na bhfiontraithe a bhfuil sé beartaithe acu tarraingt siar as a ngnó, tá sé ag éirí níos tábhachtaí ná riamh do gheilleagar MFBM na hEorpa aistrithe rathúla gnó a dhéanamh.

2.3. Tá tuairim is 450 000 gnólacht, a bhfuil 2 mhilliún fostaí acu, á n-aistriú gach bliain ar fud na hEorpa. Meastar go bhfuil baol ann nach n-éireoidh le 150 000 gnólacht aistriú rathúil a dhéanamh agus, dá bhrí sin, go mbeidh 600 000 post i mbaol. Is iad na gnólachtaí is lú atá i mbaol go dteipfeadh ar a n-aistrithe ([4]).

([3]) Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Tuarascáil ar an toradh deiridh, Bealtaine 2022

([4]) An Coimisiún Eorpach, *Business Dynamics: Start-ups, business transfers and bankruptcy* [Dinimic gnó: gnólachtaí nuathionscanta, aistrithe gnó agus féimheacht], 2011.

2.4. D'fhéadfadh sé gur próiseas casta é aistriú gnó a thabhairt i gcrích i ngeall ar dhúshláin airgeadais, bhainistíochta, rialála, riaracháin nó mhargaidh, amhail díoltóirí a mheaitseáil le ceannaitheoirí. Ag an am céanna, is i micreaghnólachtaí a bhfuil acmhainní teoranta acu a tharlaíonn formhór na n-aistrithe gnó. Minic go leor, is deacra do ghnólachtaí beaga a bhfuil príomhról ag an uinéir reatha ann aistriú a dhéanamh ([5]).

2.5. Tá éiceachóras dea-fheidhmiúil aistrithe gnó ríthábhachtach d'aistrithe rathúla agus cuidíonn sé le margaí dinimiciúla aistrithe gnó a chothú. Cuimsíonn éiceachórais aistrithe gnó geallsealbhóirí éagsúla poiblí agus príobháideacha: ceannaitheoirí, díoltóirí, réamhtheachtaithe, comharbaí, comhairleoirí gnó amhail bróicéirí gnó, cuntasóirí, dlíodóirí agus sainchomhairleoirí, idirghabhálaithe, institiúidí airgeadais, eagraíochtaí tacaíochta gnó, lucht ceaptha beartas, agus lucht léinn. Cuid thábhachtach den éiceachóras is ea na gníomhaíochtaí múscailte feasachta arb é is aidhm dóibh ullmhacht d'aistrithe gnó a mhéadú. Fós féin sa lá atá inniu ann, tá éagsúlachtaí móra ann i réimse na n-aistrithe gnó ó Bhallstát go chéile agus ó réigiún go chéile laistigh de Bhallstát, rud a fhágann go bhfuil roinnt deiseanna ann i ndáil leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach agus chun feabhas a chur ar éiceachórais aistrithe gnó ar fud na hEorpa. Mar sin féin, is é an fiontraí ar deireadh thiar thall a bhíonn freagrach as an aistriú i gcónaí.

2.6. Dá n-athrófaí an úinéireacht go rathúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh an gnólacht ní b'athléimní, ní ba nuálaí agus ní b'iomaíche. Nuair a ghlacann gnólachtaí atá faoi úinéireacht nua samhlacha gnó níos glaise agus níos digití chucu féin, cuireann aistrithe gnó le haistriú glas agus digiteach earnáil na MFBManna freisin.

2.7. Chuir paindéim COVID-19 chun suntais freisin an gá atá le hathléimneacht na ngnólachtaí Eorpacha a neartú agus pleanáil ullmhachta níos fearr a áirithiú. Ba cheart don ghnólacht agus dá shamhail ghnó a bheith fónta agus athléimneach i gcoinne suaití seachtracha le go n-éireoidh leis an aistriú. Leis an tsláinte airgeadais agus an athléimneacht, tá seans níos fearr ann go ndéanfaí aistriú rathúil.

3. **Cúlra**

3.1. Tá aistrithe gnó ina gcuid de bheartas fiontraíochta an Aontais Eorpaigh ó thús na 1990idí i leith. In 1994, dhréachtaigh an Coimisiún Eorpach moladh ([6]) chun feabhas a chur ar na creatdálaí le haghaidh aistrithe gnó i mBallstáit an Aontais. Moladh sraith beart do na Ballstáit sa mholadh sin chun feabhas a chur ar staid na ngnólachtaí agus iad á n-ullmhú féin don aistriú. Áirítear ar na bearta sin gníomhaíochtaí feasachta agus ullmhachta, feabhas a chur ar an timpeallacht airgeadais d'aistrithe gnó, bealaí dlíthiúla a oscailt don athstruchtúrú, na modhanna dlíthiúla a chur ar fáil chun leanúnachas comhpháirtíochta a áirithiú i gcás ina bhfaigheann comhpháirtí nó úinéir bás, a áirithiú nach bhfuil cánacha oidhreachta nó bronntanais ina mbaic ar aistrithe gnó agus aistriú gnólachtaí chuig tríú páirtithe a éascú trí na rialacha iomchuí cánach.

3.2. Ó shin i leith, rinne an Coimisiún Eorpach athbhreithniú ar an moladh in 2006 agus d'fhoilsigh sé an Teachtaireacht ([7]) *Implementing the Lisbon Community Programme for Growth and Jobs: Transfer of Businesses Continuity through a new beginning* [Clár Comhphobail Liospóin maidir le fás agus poist: gnólachtaí a aistriú – an leanúnachas a chur i bhfeidhm trí thús nua]. Cuireadh in iúl san athbhreithniú gur ghá tuilleadh oibre a dhéanamh fós chun Moladh 1994 a chur chun feidhme. Chomh maith leis an iarraidh go gcuirfí Moladh 1994 chun feidhme, cuireadh moltaí breise i láthair i dTeachtaireacht 2006 maidir le haistrithe gnó a chur chun cinn, amhail an aird pholaitiúil a thugtar ar aistrithe gnó a mhéadú, tacaíocht agus meantóireacht speisialaithe a chur ar fáil, margaí aistrithe gnó trédhearcacha a eagrú, agus bonneagar náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chur chun feidhme ar mhaithe le haistrithe a chothú.

3.3. In 2013, rinne an Coimisiún Eorpach measúnú ar dhul chun cinn na moltaí ó 2006. Ba é an chonclúid ghinearálta a baineadh as sin nach ndearnadh dóthain dul chun cinn maidir le bearta a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an gcreat d'aistrithe gnó ó foilsíodh an Teachtaireacht sin in 2006. Bhain na heasnaimh a liostaíodh sa mheastóireacht le réimsí amhail socruithe cánach le haghaidh tríú páirtithe nó fostaithe nó le soláthar tacaíochta tiomnaithe agus tionscnamh airgeadais tiomnaithe. Léiríodh sa mheastóireacht freisin nár tugadh aird leordhóthanach ar aistrithe gnó ar leibhéal an Aontais ná ar leibhéal na mBallstát, murab ionann agus an beartas tionscnaimh.

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach: *Implementing the Lisbon Community Programme for Growth and Jobs Transfer of Businesses Continuity through a new beginning* [Clár Comhphobail Liospóin maidir le fás agus poist: gnólachtaí a aistriú — an leanúnachas a chur i bhfeidhm trí thús nua], 2006, COM(2006) 117 final, lch. 4.

([6]) Moladh ón gCoimisiún an 7 Nollaig 1994 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide a aistriú (94/1069/CE).

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach: *Implementing the Lisbon Community Programme for Growth and Jobs: Transfer of Businesses Continuity through a new beginning* [Clár Comhphobail Liospóin maidir le fás agus poist: gnólachtaí a aistriú – an leanúnachas a chur i bhfeidhm trí thús nua], 2006, COM(2006) 117 final.

3.4. In 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Straitéis FBM an Aontais ([8]) inar athdheimhníodh go bhfuil sé tiomanta leanúint d'obair a dhéanamh chun aistrithe gnó a éascú agus chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh timpeallacht ghnó atá fabhrach d'aistrithe gnó a bhunú. Le déanaí, dhírigh an Coimisiún ar fheabhas a chur ar bhonn fianaise na n-aistrithe gnó agus d'fhoilsigh sé tuarascáil maidir leis sin in 2021 ([9]). Is féidir eolas a fháil faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus faoi dhea-chleachtais arna gcistiú ag an Aontas ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ([10]).

3.5. Tá aitheantas tugtha ag CESE freisin don tábhacht a bhaineann le haistrithe gnó i gcás MFBManna agus tá sé ag iarraidh bearta gasta chun iad a éascú agus a chuíchóiriú ar chostas réasúnta ([11]). Sa tuairim uaidh maidir le Straitéis FBM an Aontais, tá CESE ag iarraidh aird ar leith a tharraingt ar aistrithe trasteorann MFBManna d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na costais arda a bhaineann leis na hidirbhearta sin agus ar na difríochtaí suntasacha idir rialacháin náisiúnta ([12]). Léiríonn an tuairim leantach ó CESE maidir le Straitéis FBM an Aontais ([13]) go bhféadfadh aistrithe gnó rathúla a bheith ann chun gnó a dhéanamh níos digití agus níos inbhuanaithe, i gcomhréir le spriocanna an Aontais maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach.

4. **Barúlacha ginearálta**

4.1. Tá aistrithe gnó ag éirí níos tábhachtaí do MFBManna i ngeall ar dhéimeagrafaic na hEorpa agus fiontraithe a bheith ag dul in aois. Is i micrifhiontair a tharlaíonn thart ar 90 % de na haistrithe gnó ([14]).

4.2. Ach líon na n-aistrithe rathúla gnó a mhéadú, bheadh buntáistí láithreacha ann do gheilleagar na hEorpa. I gcomparáid le gnólachtaí nua-thionscanta, is fearr a fheidhmíonn gnólachtaí aistrithe ó thaobh marthanais, láimhdeachais, brabúis, nuálaíochta agus fostaíochta de ([15]). De réir an Choimisiúin Eorpaigh, coimeádann gnólachtaí atá ann cheana cúig phost ar an meán ach ní chruthaíonn gnólacht nuathionscanta ach dhá phost ar an meán ([16]). Dá bhrí sin, is trí aistrithe gnó a chur chun cinn is fearr is féidir an fás fiontraíochta a chur chun cinn.

4.3. Ina theannta sin, tugann aistrithe gnó cosaint do chreatlach shóisialta na gceantar tuaithe i ngeall ar a láithrí a bhíonn MFBManna iontu; meastar go bhfuil aon trian ar a laghad de MFBManna na hEorpa lonnaithe i gceantair thuaithe. Cinntíonn siad comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta na limistéar sin trína seirbhísí do shaoránaigh, do thomhaltóirí agus do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla agus tríd an bhfostaíocht a chuireann siad ar fáil ([17]). Cuidiú is ea na haistrithe gnó le nach gcaillfí saineolas ar an gceardaíocht áitiúil. Is minic a chuireann an earnáil ceardaíochta áitiúil agus an earnáil miondíola go dearfach leis an rogha éagsúil a bhíonn ag tomhaltóirí sa mhargadh, rud a thugann rogha eile dóibh seachas slabhraí miondíola aonfhoirmeacha. I gcás tomhaltóirí, is minic a fhágann aistriú rathúil gnó go mbíonn seirbhísí agus táirgí leanúnacha agus feabhsaithe ann. Tá sé ríthábhachtach éiceachórais aistrithe gnó dea-fheidhmiúla agus seirbhísí tacaíochta a fhorbairt chun slí bheatha agus geilleagair limistéar tuaithe agus monathionsclaíoch a chaomhnú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin d'earnáil na talmhaíochta agus na próiseála bia. Ina theannta sin, cuireann aistrithe rathúla gnó bealach ar fáil chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach i limistéir thuaithe trí chlaochlú a dhéanamh bunaithe ar athrú úinéireachta. Creideann CESE gur cheart forbairt éiceachóras aistrithe gnó agus seirbhísí tacaíochta a bheith mar chuid de chur chun feidhme fhís fhadtéarmach an Aontais do cheantair thuaithe agus de chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta tuaithe.

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach, *An SME Strategy for a sustainable and digital Europe* [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach], 2020, COM(2020) 103 final.

([9]) An Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Improving the evidence base on transfer of business in Europe* [Feabhas a chur ar bhonn fianaise na n-aistrithe gnó san Eoraip], tuarascáil deiridh, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

([10]) ec.europa.eu/growth/smes/supporting-entrepreneurship/transfer-businesses_en

([11]) IO C 197, 8.6.2018, lch. 1 (níl leagan Gaeilge ann).

([12]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 210 (níl leagan Gaeilge ann).

([13]) IO C 194, 12.5.2022, lch. 7.

([14]) An Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Improving the evidence base on transfer of business in Europe* [Feabhas a chur ar bhonn fianaise na n-aistrithe gnó san Eoraip], tuarascáil deiridh, Oifig na bhFoilseachán, 2021

([15]) Tall, Varamäki & Viljamaa: *Business Transfer Promotion in European Countries* [Aistrithe gnó a chur chun cinn i dtíortha na hEorpa], Seinäjoki, 2021, lch. 8.

([16]) An Coimisiún Eorpach (2006), *Transfer of Businesses: Continuity through a new beginning* [Gnólachtaí a aistriú — an leanúnachas a chur i bhfeidhm trí thús nua], an Bhruiséil, lgh. 3-4.

([17]) SMEunited, *Position on long-term vision for the EU's rural area* [Seasamh maidir le fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais], Aibreán 2022.

4.4. Téann cur chun cinn aistrithe gnó chun tairbhe d'fhostaithe freisin toisc go gcaomhnaítear poist agus leanúnachas gnó dá bharr. I gcás MFBManna go háirithe, is iad na fostaithe an tsócmhainn is luachmhaire a aistrítear chuig an úinéireacht nua. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach dea-bhail na bhfostaithe a chosaint i gcás aistrithe gnó. Is minic a thugann úinéirí nua faoin aistriú le díograis chun an gnólacht a fhorbairt agus a fhás. Ciallaíonn sé sin freisin gur fearr an fhéachaint suas a bheidh ann d'fhostaithe ó thaobh leanúnachas poist agus forbairt ghairmiúil de. Tá CESE á mholadh do na Ballstáit dea-chleachtais a roinnt le chéile maidir le haistrithe inar féidir le fostaithe leanúint de bheith ag obair agus de ghníomhaíochtaí a fhorbairt trí dhul i gceannas ar a bhfiontar, mar shampla trí chomharchumainn agus cineálacha eile fiontair sa gheilleagar sóisialta atá faoi úinéireacht oibrithe ([18]) a léirigh a athléimní is féidir leo a bheith in aghaidh géarchéimeanna. Ar a mhuin sin, ach an t-idirphlé sóisialta agus an fhaisnéis réamhtheachtach a chur chun cinn, is féidir ceannach amach fostaithe a éascú. Tagann sé sin leis an méid a luaitear i dtuairim CESE INT/925 ([19]) lena gcuirtear béim ar cheannach thar barr amach ag na fostaithe mar dhea-chleachtas chun gnólachtaí atá i gcruachás a athsheoladh agus FBManna nach bhfuil aon chomharbaí ag a n-úinéirí a aistriú.

4.5. Ní mór ról láidir a thabhairt do chur chun cinn aistrithe gnó i mbeartais téarnaimh agus fáis an Aontais agus na mBallstát. Formhuiníonn CESE an iarracht fhadtéarmach straitéiseach atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach chomh maith le heagraíochtaí cur chun cinn aistrithe gnó, amhail Transeo ([20]), chun timpeallacht atá níos fabhraí don aistriú a chothú san Eoraip. Mar sin féin, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar chúrsaí fós. Tá éagsúlacht nach beag ann ó Bhallstát go chéile maidir leis an leibhéal airde, le feidhmiúlacht fhoriomlán éiceachóras an aistrithe gnó faoi láthair agus le méid na mbeart maidir le haistrithe gnó a chur chun cinn. I dtimpeallacht ghnó atá ag forbairt go tapa, ní mór d'fhiontraithe glacadh le deiseanna fáis, a chuirtear ar fáil go hinmheánach agus trí éadálacha. Ba cheart gach cineál aistrithe úinéireachta a mheas, lena n-áirítear comharbas teaghlaigh, ceannach thar barr isteach agus ceannach thar barr amach ag an mbainistíocht, éadálacha straitéiseacha, agus ceannach thar barr amach ag fostaithe.

4.6. Ionas go mbeidh rath ar aistriú na hEorpa chuig geilleagar digiteach agus glas, ní mór na MFBManna a chur san áireamh. Is bealach nádúrtha iad na haistrithe gnó chun samhail ghnó MFBManna a iompú ina samhail ghnó níos glaise agus níos digití, rud a chuirfidh lena n-aistriú digiteach agus glas. Dá n-athrófaí an úinéireacht go rathúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh an gnólacht ní b'athléimní, ní ba nuálaí agus ní b'iomaíche. Chomh maith leis sin, i ndáil le hacmhainní, is minic a bhíonn sé níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol gnólacht atá ann cheana a bhfuil acmhainní táirgthe aige a cheannach seachas gnólacht nua.

4.7. Go háirithe nuair a bhíonn an gnólacht á aistriú ó fhiontraí atá ag dul in aois go fiontraí níos óige, is é is dóichí go mbeidh an fiontraí óg níos ullmhaithe chun teicneolaíochtaí, modhanna táirgthe agus samhlacha gnó inbhuanaithe a chomhtháthú sa ghnólacht a fuarthas. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go bhforbrófaí dreasachtaí breise, amhail múscailt feasachta, seirbhísí comhairleacha, meantóireacht agus rochtain ar mhaoiniú chun MFBManna a aistriú chuig fiontraithe óga. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an tuiscint atá ag fiontraithe óga ar an idirphlé sóisialta a neartú a thuilleadh, mar shampla trí mhodúil maidir leis an idirphlé sóisialta a áireamh san oiliúint fiontraíochta. Ba cheart é a chur in iúl go bhfuil sé gach pioc chomh tarraingteach d'fhiontraithe mar dheis tús a chur lena ngairm ré trí ghnó atá ann cheana a fháil seachas gnólacht nuathionscanta a chur ar bun. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart tuilleadh dreasachtaí a cheapadh le haghaidh aistrithe gnó d'fhiontraithe ban d'fhonn cur le líon ró-íseal na bhfiontraithe ban a bhíonn ag gabháil dóibh faoi láthair.

4.8. I bhformhór mór na n-aistrithe gnó, bíonn maoiniú seachtrach de dhíth orthu. Mar gheall ar na ceanglais rialála a bheith ag dul i méid san earnáil airgeadais, is gá aird a dhíriú ar dhá phríomhionstraim airgeadais d'fhonn aistrithe gnó a chur chun cinn. Ar an gcéad dul síos, is léir go bhfuil gá le comhthaobhachtaí chun pacáistí aistrithe gnó a mhaoiniú. Is sócmhainní neamhábhartha sciar méadaitheach de na sócmhainní gnó, áfach, agus ní mór don earnáil baincéireachta cloí le rialacha atá níos doichte ná riamh. Tá oibreoir nó eagraíocht a sholáthraíonn comhthaobhacht le haghaidh iasachtaí bainc de dhíth ar gach Ballstát. Ar an dara dul síos, le forbairt chreat rialála an Aontais, méadaítear an t-éileamh ar mhaoiniú cothromais. Tá roinnt ceannaitheoirí ann a bhfuil na cáilíochtaí acu chun an gnó lena mbaineann a rith, ach gan teacht acu ar chistiú cothromais leordhóthanach. Tá CESE á mholadh go láidir don Choimisiún ról réamhghníomhach a ghlacadh chun forbairt an dá ionstraim airgeadais sin a chur chun cinn sna Ballstáit.

([18]) Mar shampla, tá cumainn faoi úinéireacht oibrithe ("sociedades laborales") ann sa Spáinn.
([19]) IO C 286, 16.7.2021, lch. 13 (níl leagan Gaeilge ann).
([20]) Is comhlachas neamhbhrabúsach idirnáisiúnta é Transeo a thugann le chéile saineolaithe maidir le gnólachtaí beaga agus meánmhéide a aistriú agus a fháil san Eoraip agus níos faide i gcéin.

4.9. Déanfar líon méadaitheach MFBManna ar le teaghlaigh iad a aistriú chuig tríú páirtithe amach anseo. D'fhonn ceannaitheoirí tríú páirtí a mhealladh, ní mór don ghnó a bheith inmharthana, tarraingteach agus fónta ó thaobh na heacnamaíochta de. Dá luaithe a ullmhaíonn na fiontraithe don aistriú, is ea is rathúla a bhíonn sé. Ní mór do na Ballstáit a ngníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir le haistrithe gnó a mhéadú agus na hacmhainní is gá a chur ar fáil don ghnólacht agus d'eagraíochtaí tacaíochta eile chun aistrithe MFBManna a chur chun cinn agus chun cabhrú leo leis na haistrithe sin. Is féidir leis an tacaíocht ón sásra luathrabhaidh a chuirtear ar fáil do ghnólacht atá in anás airgeadais a bheith tábhachtach freisin chun cuidiú le fiontraí an gnólacht a stiúradh ar ais ar chonair atá inmharthana ó thaobh airgeadais de agus é a ullmhú le haghaidh a aistrithe. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit sásraí tacaíochta luathrabhaidh do MFBManna a thabhairt isteach agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.

I staidéar a rinneadh le déanaí ar "Aistrithe gnó a chur chun cinn i dtíortha na hEorpa" ([21]), cuirtear i láthair cleachtais maidir le haistrithe gnó a chur chun cinn sna Ballstáit a d'fhéadfaí a chur i gcúrsaíocht i dtíortha eile. Tacaíonn CESE leis an moladh a dhéantar sa staidéar go mbunódh na Ballstáit fóraim geallsealbhóirí náisiúnta um aistrithe gnó d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh thar ceann geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha. Is gá comhar a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ar gach leibhéal (ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta). Cuireann fóraim aistrithe gnó cur chuige córasach agus fadtéarmach ar fáil (trí bhíthin idirphlé leanúnach idir saineolaithe náisiúnta) maidir le cur chun cinn aistrithe gnó agus is slí níos éifeachtúla iad chun leas a bhaint as acmhainní. Faoi dheireadh, d'fhéadfaí idirphlé trasteorann, arna chur chun cinn ag an gCoimisiún Eorpach, a bhunú idir fóraim náisiúnta éagsúla chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur chun cinn aistrithe gnó i mBallstáit an Aontais.

4.10. Tá CESE á mholadh go mbainfeadh na Ballstáit úsáid iomlán as teicneolaíochtaí digiteacha chun aistrithe gnó a chur chun cinn. Ba cheart ardáin aistrithe gnó ar líne, atá faoi úinéireacht agus á mbainistiú ag geallsealbhóirí príobháideacha den chuid is mó, a fhorbairt i ngach Ballstát den Aontas, agus ba cheart rochtain a bheith ag micreaghnólachtaí agus ag gnólachtaí beaga orthu freisin. Ba cheart idirnaisc agus sineirgí a fhorbairt idir ardáin éagsúla ar líne sna Ballstáit agus d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach an rochtain ar mhargaí éagsúla ar líne sna Ballstáit a éascú. Ina theannta sin, tá méadú ag teacht ar líon na n-aistrithe gnó trasteorann i measc gnólachtaí beaga. Bheadh comhar feabhsaithe idir ardáin náisiúnta ar líne ina bhealach éifeachtach ó thaobh costais de chun a chur ar chumas gnólachtaí beaga díriú ar sprioc-úinéirí féideartha i mBallstáit eile.

4.11. Chun beartas Eorpach maidir le haistrithe gnó a cheapadh ar bhealach rathúil, is gá sonraí a bhailiú ar bhealach níos fearr. Fós féin sa lá atá inniu ann, tá na sonraí maidir le haistrithe gnó ilroinnte agus neamh-inchomparáide. Tá CESE á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit na bearta a moladh chun feabhas a chur ar an mbunachar sonraí aistrithe gnó. Leagadh amach na bearta sin sa tuarascáil a foilsíodh le déanaí dar teideal *Improving the evidence basis on transfer of business in Europe* ([22]). Molann CESE freisin baraiméadar aistrithe gnó a fhorbairt ar fud an Aontais, a dhéanfaidh tuairisciú uair amháin gach ceithre bliana, chun ionchur a chur ar fáil do cheapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí feabhsaithe. Ina theannta sin, ba cheart tionscnaimh éagsúla múscailte feasachta a chur sa mheá, amhail seachtain aistrithe gnó a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus/nó Eorpach.

4.12. Sa bhreis ar bhailiú sonraí níos fearr a fhorbairt, tá CESE á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún Eorpach athbhreithniú go rialta ar staid na n-aistrithe gnó san Eoraip. Ba cheart úsáid a bhaint as Tionól bliantúil FBManna an Aontais mar fhóram chun taithí a chomhroinnt agus a phlé go rialta maidir le haistrithe gnó MFBManna.

An Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([21]) Tall, Varamäki & Viljamaa: *Business Transfer Promotion in European Countries* [Aistrithe gnó a chur chun cinn i dtíortha na hEorpa], Seinäjoki, 2021, lch. 8.

([22]) An Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Improving the evidence base on transfer of business in Europe* [Feabhas a chur ar bhonn fianaise na n-aistrithe gnó san Eoraip], tuarascáil deiridh, Oifig na bhFoilseachán, 2021.